Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Feabhra 2025
(OR. en)

6059/25

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0005(NLE)

COLAC 16

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 22 Eanáir 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 11 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag Bord Gobharnóirí Fhondúireacht Idirnáisiúnta AE-MLC maidir le Rialacháin Foirne Fhondúireacht Idirnáisiúnta AE-MLC |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 11 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 11 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.1.2025
COM(2025) 11 final

2025/0005 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag Bord Gobharnóirí Fhondúireacht Idirnáisiúnta AE-MLC maidir le Rialacháin Foirne Fhondúireacht Idirnáisiúnta AE-MLC**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ar Bhord Gobharnóirí Fhondúireacht Idirnáisiúnta AE-MLC i ndáil le Rialacháin Foirne na Fondúireachta a bhfuil sé beartaithe iad a ghlacadh.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú lena mbunaítear Fondúireacht Idirnáisiúnta AE-MLC

Is é is aidhm don Chomhaontú lena mbunaítear Fondúireacht Idirnáisiúnta AE-MLC ('an Comhaontú') Fondúireacht AE-MLC a bhunú, cuspóirí na Fondúireachta a leagan amach agus na rialacha agus na treoirlínte ginearálta a bhunú lena rialaítear a gníomhaíochtaí, a struchtúr agus a feidhmiú. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 17 Bealtaine 2019.

Tá an tAontas Eorpach agus gach Ballstát de ina bpáirtithe sa Chomhaontú.

### 2.2. Bord Gobharnóirí Fhondúireacht AE-MLC

Déanann an Bord Gobharnóirí formhaoirseacht ar bhainistiú na Fondúireachta agus áirithíonn sé go bhfuil an Fhondúireacht ag obair i dtreo a cuid spriocanna.Tá sé comhdhéanta d'ionadaithe Chomhaltaí na Fondúireachta. Tionóltar an Bord Gobharnóirí i seisiúin thráthrialta dhá uair sa bhliain faoi chomhchathaoirleacht Chomhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh trína Uachtaránacht *Pro Tempore* agus an Aontais Eorpaigh tríd an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS). Gníomhaíonn an Bord Gobharnóirí i láthair níos mó ná leath dá Chomhaltaí ó gach réigiún. Is de chomhthoil na gComhaltaí atá i láthair a ghlacann sé na cinntí.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag Bord Gobharnóirí Fhondúireacht AE-MLC

An 24 Bealtaine 2024, le linn an 10ú Gnáthchruinniú a bhí aige, rinne an Bord Gobharnóirí téacs Rialacháin Foirne na Fondúireachta a mheas ('an gníomh atá beartaithe'). Rinne comhaltaí an Bhoird athbhreithniú ar na Rialacháin Foirne roimhe seo, ach bhí gá le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an Fhondúireacht agus Rialtas Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine maidir le Ceanncheathrú Fhondúireacht Idirnáisiúnta AE-MLC a bhí ar siúl an 11 Bealtaine 2023 a chur san áireamh sula bhféadfaí iad a thabhairt chun críche.

Tar éis don Bhord an téacs a bhreithniú, tíolacadh é lena ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn.

Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe na coinníollacha fostaíochta a rialú agus cearta agus oibleagáidí na mball foirne atá ag obair d'Fhondúireacht Idirnáisiúnta AE-MLC a shainiú, a ndéanann an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ionadaíocht dhlíthiúil uirthi. Bunaítear leo freisin na caighdeáin oibre ghinearálta lena rialaítear bainistiú riaracháin agus saothair idir Fondúireacht AE-MLC agus a foireann, chun a áirithiú go ndéanfar an obair laistigh de chreat trédhearcach éifeachtúil.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Tá sé beartaithe toiliú an Aontais a chur in iúl maidir le glacadh Rialacháin Foirne Fhondúireacht Idirnáisiúnta AE-MLC. Cuireann na Rialacháin Foirne creat dlíthiúil riachtanach ar fáil chun go bhfeidhmeoidh an Fhondúireacht mar is ceart.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

*4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear *'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'*

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[1].

*4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é an Bord Gobharnóirí a bunaíodh le comhaontú, is é sin, an Comhaontú lena mbunaítear Fondúireacht Idirnáisiúnta AE-MLC.

An gníomh a iarrtar ar an mBord Gobharnóirí a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Tá éifeachtaí dlíthiúla leis an ngníomh atá beartaithe toisc go rialaítear leis na coinníollacha fostaíochta agus go sainítear leis cearta agus oibleagáidí na mball foirne atá ag obair d'Fhondúireacht Idirnáisiúnta AE-MLC, a ndéanann an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ionadaíocht dhlíthiúil uirthi.

Leis an ngníomh atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

*4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

Maidir le gníomh atá beartaithe a bhfuil roinnt cuspóirí éagsúla á saothrú leis ag an am céanna, nó a bhfuil roinnt comhpháirteanna éagsúla ann, ar cuspóirí nó comhpháirteanna iad a bhfuil dlúthnasc doscartha eatarthu gan aon cheann acu a bheith teagmhasach maidir leis an gceann eile, ní mór, ar bhonn eisceachtúil, na boinn chomhfhreagracha dlí ar fad a áireamh sa bhunús substaintiúil dlí atá leis an gcinneadh faoi Airteagal 218(9) de CFAE.

[1] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

### *4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Saothraítear cuspóirí leis an ngníomh atá beartaithe agus tá comhpháirteanna ann a bhaineann leis an gcomhar um fhorbairt agus leis an gcomhar eacnamaíoch, airgeadais agus teicniúil le tríú tíortha. Tá na gnéithe sin den ghníomh atá beartaithe i ndlúthnasc doscartha le chéile gan ceann amháin a bheith teagmhasach maidir leis an gceann eile.

Dá bhrí sin, is iad na forálacha seo a leanas bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe: 209(2) agus 212(1) CFAE.

### 4.3. Conclúid

Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe Airteagal 209(2) agus 212(1) i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go nglacfar Rialacháin Foirne Fhondúireacht Idirnáisiúnta AE-MLC le gníomh Bhord Gobharnóirí Fhondúireacht Idirnáisiúnta AE-MLC, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2025/0005 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag Bord Gobharnóirí Fhondúireacht Idirnáisiúnta AE-MLC maidir le Rialacháin Foirne Fhondúireacht Idirnáisiúnta AE-MLC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 209(2) agus Airteagal 212(1) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas an Comhaontú lena mbunaítear Fondúireacht Idirnáisiúnta AE-MLC ('an Comhaontú') a thabhairt i gcrích le Cinneadh ón gComhairle [IO L 103, 12.4.2019, lgh. 1–2] agus tháinig sé i bhfeidhm an 17 Bealtaine 2019.

(2) De bhun Airteagal 11(d) den Chomhaontú, féadfaidh an Bord Gobharnóirí rialacháin foirne a ghlacadh ar bhonn togra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

(3) Tá an Bord Gobharnóirí, tar éis a 10ú Gnáthchruinniú an 24 Bealtaine 2024, le Rialacháin Foirne Fhondúireacht Idirnáisiúnta AE-MLC a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Bhord Gobharnóirí a bhunú, ós rud é gur gá toiliú na gcomhaltaí a fháil chun an gníomh atá beartaithe a ghlacadh.

(5) Leis an ngníomh atá beartaithe, rialófar na coinníollacha fostaíochta agus saineofar cearta agus oibleagáidí na mball foirne atá ag obair d'Fhondúireacht Idirnáisiúnta AE-MLC, a ndéanann an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ionadaíocht dhlíthiúil uirthi.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i nós imeachta i scríbhinn an Bhoird Gobharnóirí, beidh sé bunaithe ar dhréachtghníomh an Bhoird Gobharnóirí atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Is chuig an gCoimisiún Eorpach a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*